

Múineadh na gramadaí sna hardranganna i mbunscoileanna Gaeltachta/lán- Ghaeilge: Cur chuige rathúil taitneamhach

Chomhdháil Ghaelscoileanna 2012

Aisling Ní Dhiorbháin, Scoil Naithí
Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig
padraig.oduibhir@spd.dcu.ie

23 Samhain 2012

Imlíne na cainte

- Cur chuige fócasaithe ar fhoirm
- Dialann machnamhach
- Triail samplach
- Sampla de na háiseanna
- Athbhreithniú ar an triail
- Grúpaí fócais agus dialanna
- Torthaí na dtrialach
- DVD agus áiseanna

Cur Chuige Fócasaithe ar Fhoirm na Teanga



**Ag machnamh agus ag plé
struchtúir na teanga**



Cur Chuige Ionduchtach Foghlama

- Tagann na páistí ar rialacha na teanga iad féin tríd anailís a dhéanamh ar an ionchur teanga.
- “In inductive teaching, learners are first exposed to exemplars of the grammatical structure and are asked to arrive at a metalinguistic generalisation on their own” (Ellis, 2006, p. 97)



Eolas Riailbhunaithe

- Forbraíonn na páistí stóras d’eolas riailbhunaithe tríd staidéar anailíseach a dhéanamh ar an ionchur teanga. Cuireann an t-eolas seo go mór le cumas féinriartha agus cruinneas teanga na bhfoghlaimeoirí.
- Tacaíonn forbairt an léireolais le foghlaimeoirí brúigh ar aghaidh ón gcumarsáid leordhóthanach chuig caighdeán teanga atá níos cruinne (Ní Dhiorbháin 2010).

An Dialann Mhachnamhach

- Cad a d'fhoghlaim mé?
- Míniú ar cad a d'fhoghlaim mé
- Mo shamplaí féin.
- Cad a cheap mé.



An Dialann Mhachnamhach



- **Cad a d'fhoghlaim mé?**
- *Léiríonn an iontráil seo go bhfuil an spriocstruchtúr tugtha faoi deara ag an bhfoghlaimoir.*
- **Míniú ar cad a d'fhoghlaim mé**
- *Léiríonn an iontráil seo go bhfuil eolas riailbhunaithe ag an bhfoghlaimoir faoin spriocstruchtúr atá tugtha faoi deara acu.*
- **Mo shamplaí féin.**
- *Spreagtar an foghlaimoir leis an struchtúr atá tugtha faoi deara acu agus an t-eolas riailbhunaithe atá foghlamtha acu a chur le teanga nua. Cuirtear an fhoghlaim neamhspleách agus an fheasacht mheititheangeolaíochta chun cinn leis an iontráil seo.*
- **Cad a cheap mé.**
- *Bíonn deis ag na foghlaimoirí machnamh agus measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim teanga agus a gcuid tuairimí a chur in iúl.*

2/5/12

An Tuiseal Gnídeach an dara díochtla

Cad a d'fhoghlaim mé?

An Bhrsg - Dath na bróige
~~Ag glanadh~~

An Fhuinneog - Ag glanadh na fuinneáige
An Fheadóg - Ag seinnt na feadóige

Mínú an cad a d'fhoghlaim mé?

Sa tuiseal gnídeach nuair
atá an focal bainníneach
tugtar amach an h agus
aithríonn tú an an go
na is cuirtear;
agus e.

Mo Samplaí Féin

An Ghearmáin - Brat na Gearmáine

An Fhrainc - Bia na Fraince

An Bheilg - Seacláid na Beilge

An Pholainn - Teanga na Polainne

Cad a cheap mé

Tiocfaidh feabhas ollmhór
ar mo chuid Gaeilge
tar éis é seo a fhoghlaim.

Cad a d'fhoghlaim mé.

Tintreach → Stoirm tintrigh

An tEarrach → I rith an ~~E~~Earraigh

Toirneach → Fuaim torneigh.

Bealach → Leath bhealaigh.

Mínú ar cad a d'fhoghlaim mé.

Nuair atá ach no each ag deireadh
focail sa tuiséal ginid athrtear é
go aigh nó igh.

Mo samplaí féin.

Gealach → Solas an gealaigh

Sionnach → Carraig na tSionnaigh

Deatach → boladh deataigh

Teaghlach → ~~B~~ainm an teaghlaigh

Cilleach → Teach an chailigh.

Cad a cheap mé.

Guirfidh sé seo

feibhas ~~g~~ ullmhóir

ar mo chuid

gáeilge.

① Cad a d'fhoghlaim mé?

an t-uill → dath an uill.
an t-urthar → ag glacadh an urthair.
an t-eitleáin → rídstea an eitleáin.

② Minic ar cad a d'fhoghlaim mé.

* - t i ag an deireadh.

③ Samplaí

an t-aeir → boladh an aeir.
an t-údar → stíl an údair.
an t-aláram → ag seiceáil an alárain.
an t-amhrán → focail an amhráin.
an t-amadán → ainm an amadain.

④ Cad a cheap mé?

Deanann an Ghaeilge mós mó eair
car éis an ríail seo. Tá mé ar
shuin na nuice chun an chéad díochlaoadh

Taighde

- Cén tionchar a bheadh ag cur chuige ionduchtach foghlama agus cur chuige fócasaithe ar fhoirm na teanga ar chumas na bpáistí an tuiseal ginideach a úsáid i gceart i dtríail líon na bearnaí?
- Triail gramadaí (TGG) – trí leagan A, B, C
- Réamhthriail (RT), Iarthriail (IT1) and Iarthriail moillithe (IT2)
- Grúpaí fócais
- Dialanna machnamhacha
- Rang 6 – 15 cailíní, 13 buachaillí (aois 12.6bl. ar an meán)
- Triail Ghaeilge Dhroim Conrach (TGD-L – scóir arda

Clár taighde

- Ceithre seachtaine (Aibreán-Bealtaine 2012)
 - Thart ar cheithre cheacht 30-bom. in aghaidh na seachtaine
 - Rinneadh go leor tagairtí don phointe gramadaí i rith an lae mar a tháinig se isteach sa chaint go nádúrtha freisin.
- Cur i láthair PowerPoint
- Cluichí – cuimhne, cón, leadóg focal,
- Tráth na gCeist
- Dictogloss

Triail A

Cód: _____

Scríobh amach na habairtí seo a leanas go cruinn gan na lúibíní.

Bhí na bileoga i lár (an bord).

Bhí na bileoga i lár _____.

Bhí sé ag tabhairt (caint) ar ainmhithe na hÉireann.

Bhí sé ag tabhairt _____ ar ainmhithe na hÉireann.

Cé hí an captaen ar (an fhoireann) sin?

Cé hí an captaen ar _____ sin?

Dhreap siad go barr (an cnoc).

Dhreap siad go barr _____.

Thit sí i lár (an bóthar).

Thit sí i lár _____.

Bhí fear ag glanadh (an t-ospidéal).

Bhí fear ag glanadh _____.

- 20 mír - 10 f, 10 b
- Trí fho-scála- **an t-alt,** **tús** agus **deireadh** (3x20=60)
- 4 mhír nár éiligh an tuiséal ginideach

An Tuiseal Ginideach

Gaeilge mhaith, Gaeilge cheart agus Gaeilge chruinn



Cad a thugann
tú faoi deara???

An Bord

Ag barr an **bhoird**



An Bóthar

I lár an bhóthair



An t-úll

Dath an úill



An t-urlár

Ag glanadh an urláir



An Sagart

Éadaí an **tsagairt**



An solas

Searmanas an

tsolais



An Tuiseal Ginideach

Gaeilge mhaith, Gaeilge cheart agus Gaeilge chruinn



Cad a thugann
tú faoi deara???

An Bhróg

Dath **na** Bróige



An Fhuinneog

Ag glanadh **na** fuinneoi**ge**




An Obair

Ag déanamh **na** **hoibre**



An **tS**ráid

Barr na Sráide



An **t**seacláid

Ag ithe **na** seacláide



An **t**seachtain

Deireadh **na**
seachtaine**e**



Cur Chuige Ionduchtach Foghlama

D: Má oibríonn tú amach é tú féin tá sé agat. Ach má insíonn an múinteoir duit, cloiseann tú é ach déanann tú dearmad air i lá.

A: Agus uaireanta ní bhíonn tú ag éisteacht.

R: Bíonn tú ag tabhairt níos mó aird nuair a bhíonn ort féin é a oibriú amach tú féin in ionad an múinteoir a bheith ag abair leat, ansin b'fhéidir nach mbeidh tú ag éisteacht léi ach nuair a chaithfidh tusa é a fháil amach, caithfidh tú bheith ag trialladh é a fháil amach agus nuair a fhaigheann tú é fanann sé i do cheann

Eolas Riailbhunaithe

Like roimhe seo bhí muid just ag guessáil an raibh h nó i nó rud éigint ansin anois like tá fhios againn’.

(O: grúpa fócais a trí)

‘ Tá se tábhachtach mar tá muid ábalta muid féin a cheartú má tá foclóir againn’.

(Dialann P.)

‘ Bhuel níl Gaeilge cheart agat gan na rialacha’. ‘Fiú má tá tú i nGaelscoil tá Gaeilge sórt casta má fhoghlaimíonn tú na rialacha faigheann sé níos éasca’.

(J: grúpa fócais a trí)

An Dialann

M: Ag tús na bliana bhí sé saghas leabhar ach anois ta sé an-luachmhar. Tá a lán samplaí ann agus go leor rialacha gramadaí

A: Níl tú just ag scríobh síos, caithfidh tú do samplaí féin ...

N: Mura bhfuil tú cinnte faoi rud éigin féachann tú sa dialann seachas ceist a chur.

C: Beidh sé go maith don tionscadal sa mheánscoil freisin. Cabhraíonn sé le d'obair bhaile. Má dhéanann tú dearmad air tá gach rud scríofa ann

Triail Ghaeilge Dhroim Conrach i gcoitinne agus de réir inscne


Scála	Gach páiste		Cailíní		Buachaillí	
	Mean	SD	Mean	SD	Mean	SD
Vocabulary Standard Score	116.57	11.03	120.87	10.68	111.62	9.54
Vocabulary Percentile Score	81.18	18.29	87.13	16.75	74.31	18.17
Comprehension Standard Score	115.64	12.21	118.40	10.20	112.46	13.91
Comprehension Percentile Score	79.00	21.95	84.53	16.13	72.62	26.42
Total Standard Score	117.71	11.43	121.67	9.98	113.15	11.65
Total Percentile Score	82.39	17.73	88.60	11.88	75.23	20.96

Torthaí


- Cuireadh na daltaí i gceann de ghrúpaí A,B nó C go randamach
- Léiríonn na torthaí go raibh na grúpaí cothrom maidir le cumas Gaeilge de réir TGD-L
- Bhí Foirm B beagán níos éasca ag an réamhthriail ach ní raibh difríocht suntasach ann.

	Meán
Foirm A	24.4
Foirm B	27.3
Foirm C	23.1

Meáin scóir (%) ar an TGG - RT, IT1 agus IT2




Meáin scóir (%) ar an TGG de réir inscne na n-ainmfhocal - RT, IT1 agus IT2



Ualach a chur i bhfeidhm ar na scóir

Scála	Firinscneach	Baininscneach
Alt	0.5	1.0
Tús	1.0	1.5
Deireadh	2.0	2.0
Iomlán	3.5	4.5

Meáin scóir ualaithe (%) ar an TGG - RT, IT1 agus IT2



Torthaí

- Tháinig feabhas an-suntasach ó RT go IT1
- Ní raibh difríocht suntasach idir scóir IT1 agus IT2
- Bhí an triail gramadaí iontaofa agus bailí
- Ní raibh difríocht suntasach idir meánscóir na mbuachailí agus na gcailíní
- Tharla an fhoghlaim i mbealach taitneamhach
- Sampla beag – ba mhaith linn an taighde a dhéanamh le scoileanna eile



Acmhainní le bheith foilsithe ag COGG

- Ceachtanna agus gníomhaíochtaí bunaithe ar na botúin is coitianta- *an airgead/an fuinneog, an féidir liom faigh mo lón, dhá dhuine, tá sé múinteoir, tar éis scoil, na dhá, cúpla daoine, cé mhéad buachaillí, an rinne?, an déanfaidh mé, ní dúnfaidh mé, imrím mé, in Éire, trí ceann, dhá bliana, tá mé ag déanamh é, mo cóta, ar an bord, ar Seán, dúirt sé déan é,*
- **Cur Chuige Ionduchtach Foghlama atá ann**
- **Cur Chuige Fócasaithe ar Fhoirm na Teanga**
- Sleamhnáin chumhacht phointe, dictogloss, scéal digiteach, cluichí teanga